



An Bhruiséil, 18 Samhain 2022
(OR. en)

14848/22

ENT 158
MI 830
COMPET 906
ENV 1165
IND 477
SAN 611
CHIMIE 94
CONSOM 296

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó: Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig: Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle

Uimh. an doic. ón ST 13037/22 + ADD 1 - D 081969/02
gCoim.:

Ábhar: Rialachán ón gCoimisiún (AE) .../... an XXX leasaítear, chun críoch a hoiriúnaithe don dul chun cinn teicniúil, an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 440/2008 lena leagtar síos modhanna tástála de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán
– Cinneadh gan cur i gcoinne an ghlactha

1. An 29 Meán Fómhair 2022, chuir an Coimisiún an dréacht-Rialachán thuas faoi bhráid na Comhairle, lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 440/2008, i gcomhréir le hAirteagal 13(2) agus (3) de Rialachán (CE) 1907/2006¹ (REACH).

¹ Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún, chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1). (an leagan comhdhlúite is déanaí: 14/10/2022);

2. I gcomhréir le hAirteagal 133(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 agus faoin nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 5a de Chinneadh 1999/468/CE ón gComhairle², cuirtear na dréachtbhearta sin, sula nglacfaidh an Coimisiún go foirmiúil iad, faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle lena ngrinnscrúdú. Mura bhfuil Parlaimint na hEorpa ná an Chomhairle tar éis cur i gcoinne na mbeart arna mbeartú ag an gCoimisiún, glacfaidh an Coimisiún an dréacht-Rialachán.
3. Tá an dréacht-Rialachán thuas i gcomhréir leis an tuairim dhearfach ón gCoiste, a cuireadh in iúl an 16 Meán Fómhair 2022. Vótáil an Coiste d'aon toil i bhfabhar an dréachtbhirt.
4. An 29 Meán Fómhair 2022, iarradh ar na toscaireachtaí a léiriú faoin 8 Samhain 2022 dá mbeadh sé i gceist acu cur i gcoinne an dréacht-Rialacháin. Níor tharraing aon toscaireacht aon fhorais anuas le cur ina choinne, agus sa chás seo, measfar nach bhfuil aon chúis ag an gComhairle cur ina choinne, rud a ligfeadh don Choimisiún é a ghlacadh go foirmiúil tar éis an spriocdháta 3 mhí, a rachaidh in éag faoin 28 Nollaig 2022.
5. I bhfianaise an mhéid sin, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle a dhaingniú nach bhfuiltear ag cur i gcoinne an dréacht-Rialacháin mar a leagtar amach in 13037/22 + ADD 1 é mar mhír gan phlé ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.

² Cinneadh 1999/468/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 lena leagtar síos na nósanna imeachta maidir le feidhmiú na gcumhachtaí cur chun feidhme arna dtabhairt don Choimisiún (IO L 184, 17.7.1999, lch. 23); Is é leagan an 23/07/2006 an leagan comhdhlúite reatha.